**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale ordinario di Bergamo (an Iodáil) arna taisceadh an 7 Nollaig 2022 – KH v Istituto nazionale della previdenza sociale (INPS)**

**(Cás C-747/22)**

(2023/C 112/26)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale ordinario di Bergamo

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* KH

*Cosantóir:* Istituto nazionale della previdenza sociale (INPS)

**An cheist a tharchuirtear**

An gá Airteagal 29 agus Airteagal 26 [de] Threoir 2011/95 ([1]) a léiriú mar chosc ar fhoráil náisiúnta amhail an fhoráil atá in Airteagal 2(1)(a) [de] Dhlí Foraithne 4/2019, lena leagtar síos ceanglas maidir le cónaí ar feadh deich mbliana sa Stát Iodálach, sa bhreis ar an gceanglas go mbeadh dhá bhliain chónaithe ar bhonn leanúnach ann roimh an iarratas chun tairbhe a bhaint as an bhfrithbhochtaineacht agus chun tacú le rochtain ar fhostaíocht agus ar chuimsiú sóisialta, amhail "ioncam saoránachta"?

([1]) Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus inneachar na cosanta a thugtar (athmhúnlú) (IO 2011 L 337, lch. 9).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesverwaltungsgericht (an Ghearmáin) a taisceadh an 15 Nollaig 2022 – Bayerische Ärzteversorgung, Bayerische Architektenversorgung, Bayerische Apothekerversorgung, Bayerische Rechtsanwalts- und Steuerberaterversorgung, Bayerische Ingenieurversorgung-Bau m. Psychotherapeutenversorgung v Deutsche Bundesbank**

**(Cás C-758/22, Bayerische Ärzteversorgung agus páirtithe eile)**

(2023/C 112/27)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesverwaltungsgericht

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Bayerische Ärzteversorgung, Bayerische Architektenversorgung, Bayerische Apothekerversorgung, Bayerische Rechtsanwalts- und Steuerberaterversorgung, Bayerische Ingenieurversorgung-Bau m. Psychotherapeutenversorgung

*Cosantóir:* Deutsche Bundesbank

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

Ceisteanna maidir leis an léiriú ar Rialacháin (AE) 2018/231 agus (AE) Uimh. 549/2013: ([1])

1. (a) An gceanglaítear le pointe (b) den chéad fhomhír de mhír 3.19 d'Iarscríbhinn A de CCE nach mór do na tomhaltóirí uile de na táirgí arna dtairiscint ag an táirgeoir an tsaoirse a bheith acu na táirgí sin a cheannach nó gan iad a cheannach agus rogha a dhéanamh ar bhonn na bpraghsanna a mhuirearaítear?